# Nascann Eionet

## Ag comhroinnt na faisnéise comhshaoil san Eoraip







An Ghníomhaireacht Chomhshaoil Eorpach





# Clár Ábhair


Bunúis Eionet ......................................................... 3

Éabhlóid agus struchtúr Eionet ..................................... 4

Struchtúr Eionet ........................................................ 5

Eionet — scéal ratha .................................................. 8

Eionet — comhar institiúide ......................................... 9

Roinnt glórtha de chuid Eionet ..................................... 10

Eionet — ábhar coiteann ............................................. 11

Eionet — infreastruchtúr comhroinnte ........................... 12

Comhchórais um Fhaisnéis Chomhshaoil — SEIS ............ 13

Nascann Eionet ......................................................... 14

Institiúidí na NFPanna ................................................ 15

# Bunúis Eionet





## Misean Eionet


Is é atá mar aidhm ag an nGréasán Eorpach um Fhaisnéis agus um Fhaire ar an gComhshaol (Eionet) ná sonraí, faisnéis agus saineolas atá tráthúil agus ar ardchaighdeán a sholáthar d'fhonn measúnú a dhéanamh ar staid an chomhshaoil san Eoraip agus na brúnna atá á gcur air. Cuireann sé seo ar chumas an lucht déanta beartas cinneadh a dhéanamh maidir le bearta oiriúnacha chun an comhshaol a chosaint ar leibhéal náisiúnta agus leibhéal Eorpach, agus monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht na mbeartas agus na mbeart reatha.

Is gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh í an **Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil** (EEA), a bhfuil sé de dhualgas uirthi faisnéis fhónta, neamhspleách a sholáthar faoin gcomhshaol. Is príomhfhoinse faisnéise í an EEA dóibh siúd a bhfuil baint acu le beartas comhshaoil a fhorbairt, a ghlacadh, a chur chun feidhme agus a mheas, mar aon le lucht gnó agus an tsochaí shibhialta chomh maith céanna.

Is líonra comhpháirtíochta de chuid an EEA agus a bhallstáit agus a thíortha comhoibríocha é **Eionet**. Cuimsíonn sé an EEA féin, roinnt Ionad Ábhar Eorpach (ETCanna) agus líonra de thart ar 1500 saineolaí ó 39 tír i suas le 400 comhlacht náisiúnta atá ag déileáil le faisnéis chomhshaoil. Tá na saineolaithe seo ainmnithe mar Phointí Fócasacha Náisiúnta (NFPanna) agus Ionaid Tagartha Náisiúnta (NRCanna).

Trí Eionet, tugann an EEA faisnéis chomhshaoil le chéile ó thíortha aonair ar shonraí ar ardchaighdeán, a bhfuil bailíochtú náisiúnta acu, a sheachadadh go tráthúil. Cuirtear an t-eolas seo ar fáil go forleathan trí láithreán Gréasáin an EEA agus é mar bhunús na measúnuithe comhshaoil téamacha agus comhtháite araon. Is ann don fhaisnéis seo le tacú le próisis bhainistíochta chomhshaoil, déanamh beartas agus measúnuithe comhshaoil, mar aon le rannpháirtíocht na saoránach ar leibhéal náisiúnta, leibhéal Eorpach agus leibhéal domhanda.

I gcomhar leis an aiseolas agus leis an bhfaisnéis a thagann ó ghníomhaíochtaí eolaíochta na saoránach agus eolas tuata, áitiúil agus traidisiúnta, mar aon le heolas ón bpobal gnó, is ionann é agus bonn fianaise cuimsitheach don lucht déanta cinntí agus do rannpháirtíocht phoiblí.




# Éabhlóid agus struchtúr Eionet





## Tá Eionet tar éis fás de réir mar atá an EEA tar éis méadú

Bunaíodh Eionet i 1994 de réir Rialachán (CEE) Uimh. 1210/90 ón gComhairle an 7 Bealtaine 1990 maidir le bunú na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil. Tá Eionet tar éis forbairt ina múnla i ndáil le soláthar ardchaighdeán sonraí, faisnéise agus measúnuithe faoi staid an chomhshaoil agus na brúnna agus na príomhfhórsaí a bhfuil tionchar acu air. De réir mar a bhí méadú ag teacht ar líon na mballstát agus na dtíortha comhoibríocha de chuid an EEA, tá méadú tagtha freisin ar Eionet.



# Struchtúr Eionet



## Ionad Ábhar Eorpach (ETC)

Cuibhreannas eagraíochtaí ó bhallstáit an EEA a bhfuil saineolas acu i sainréimse comhshaoil agus a bhfuil faoi chonradh ag an EEA chun tacú le clár oibre an EEA.

Is ionann ETCanna agus ionaid saineolais théamaigh atá faoi chonradh ag an EEA chun tascanna sonracha a chur i gcrích faoi mar atá luaite i straitéis an EEA (clár oibre cúig bliana) agus sna cláir oibre bhliantúla. Is é Bord Bainistíochta an EEA a cheapann iad i ndiaidh próiseas roghnúcháin iomaíoch ar fud na hEorpa agus feidhmíonn siad mar shíneadh ar an EEA féin i sainréimsí áirithe. Cuimsíonn gach ETC príomheagraíocht mar aon le sain-eagraíochtaí comhpháirtíochta ón bpobal taighde agus faisnéise comhshaoil, a chomhcheanglaíonn a gcuid acmhainní ina réimse saineolais féin.

Éascaíonn na ETCanna, ag obair i dteannta le tíortha Eionet, soláthar sonraí agus faisnéise ó na tíortha éagsúla agus seachadann siad tuairiscí agus seirbhísí eile don EEA agus do Eionet.

Tá sé ETC ann faoi láthair (2012):

- Aerthruailliú agus maolú ar an athrú aeráide (ETC/ACM)
- Tionchair, leochaileacht agus oiriúnú an athraithe aeráide (ETC/CCA)
- Éagsúlacht bhitheolaíoch (ETC/BD)
- Uiscí intíre, cósta agus muirí (ETC/ICM)
- Faisnéis agus anailís spásúil (ETC/SIA)
- Táirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe (ETC/SCP)

### Tascanna Ionaid Ábhair Eorpach — sampla bithéagsúlachta

Is cuibhreannas Eorpach de naoi n-eagraíocht é an **ETC ar Éagsúlacht Bhitheolaíoch** a oibríonn leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil de réir creat-chomhaontú comhpháirtíochta le ranníocaíocht airgeadais bhreise ó Aireacht na Fraince atá i gceannas ar chúrsaí comhshaoil. Tá sé á chomhordú ag Ard-Mhúsaem Stair an Dúlra i bPáras trí 'fhoireann lárnach', a chuimsíonn 12 dhuine ó sheacht dtír Eorpacha.

Seo a leanas príomhthascanna an ETC/BD:

- Tacú le hobair mheasúnaithe táscaire-bhunaithe an EEA trí dhéileáil le staid agus le treochtaí bithéagsúlachta agus éiceachóras san Eoraip
- Faisnéis ábhartha a sholáthar i dtacú le cur chun feidhme beartas forbartha comhshaoil agus inbhuanaithe san Eoraip, go háirithe i ndáil le beartais agus straitéisí nádúir agus bithéagsúlachta an AE agus le Coinbhinsiún Bern
- Cur le hacmhainn tuairiscithe ar bhithéagsúlacht san Eoraip, trí Eionet ach go háirithe
- Tacú leis an EEA i ndáil le forbairt an Ionaid Sonraí Bithéagsúlachta Eorpach agus na tairsí Eorpach don Bhithéagsúlacht, BISE (Córas Faisnéise Bithéagsúlachta don Eoraip)

Láithreán Gréasáin:
ETC/BD: http://bd.eionet.europa.eu



# Structhúr Eionet



## Pointe Fócasacha Náisiúnta (NFP)

Saineolaí nó grúpa saineolaithe in eagraíocht náisiúnta chomhshaoil atá ainmnithe agus maoinithe ag an tír agus údaraithe le feidhmiú mar phríomhphointe teagmhála don EEA, do bhaill eile Eionet, agus do ghníomhaithe ábhartha. Comhordaíonn NFP an líonra náisiúnta ar a bhfuil iliomad Ionad Náisiúnta Tagartha (NRCanna) d'fhonn tacú le cur chun feidhme chláir oibre an EEA.

Is iad NFPanna na príomhphointí teagmhála don EEA sna ballstáit agus sna tíortha comhoibríocha. Tá siad freagrach as comhoibriú leis an EEA agus na ETCanna agus eagraíonn siad comhordú náisiúnta ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le straitéis agus clár oibre an EEA. D'fhonn phríomhfhoilseacháin an EEA a chur chun cinn, eagraíonn go leor NFPanna imeachtaí seolta agus eisíonn siad preasráitis.

Tá modhanna oibre NFP éagsúil ó thír go tír. Léargas é seo ar éagsúlacht na gcóras náisiúnta comhshaoil ina bhfuil siad bunaithe. Mar shampla, tá roinnt NFPanna lonnaithe i ngníomhaireachtaí comhshaoil, tá cuid eile acu mar chuid den aireacht comhshaoil; tá cuid acu lonnaithe i riaracháin náisiúnta lárnacha, ach tá roinnt eile fós ag feidhmiú laistigh de chórais dhíláraithe, córais fheidearálacha uaireanta fiú.

Lena chois sin, gníomhaíonn NFPanna mar chomhairleoirí do chomhaltaí a mBoird Bhainistíochta EEA agus forbraíonn teagmhálacha le líonraí ábhartha eile.

### An obair de chuid NFP — sampla ón Iorua

"Is iondúil go mbíonn go leor léitheoireachta i gceist i gcaitheamh seachtain oibre sa phost atá agam mar NFP na hIorua. Táim freagrach as doiciméid a fháil, a léamh, a rátáil agus a sheoladh ar aghaidh ón EEA agus ó líonra náisiúnta Eionet: measúnuithe, tuarascálacha, doiciméid bheartais, athbhreithnithe, iarratais. Baineann cuid den obair a dhéanaim lena chinntiú go bhfaigheann na daoine cearta faisnéis thábhachtach in am agus obair leantach a dhéanamh agus oibleagáidí maidir le tuairisciú agus cur leis an obair atá ar bun ag an EEA a mheabhrú do "mo" líonra. I measc na dtascanna a bhíonn le cur i gcrích agam gach lá áirítear cuairt a thabhairt ar fhóram Eionet, teagmháil a dhéanamh le NRCanna nó Príomhphointí Teagmhála (PCPanna), r-phoist, cuirí agus iarratais a sheoladh ar aghaidh mar is cuí, cruinnithe a ullmhú, aiseolas a sholáthar agus a chinntiú go ndéantar obair leantach ar na próisis éagsúla atá ar siúl go leanúnach san EEA agus go bhfuil tacaíocht chuí á fáil ó líonra na hIorua. Is é an príomhchuspóir ná a chinntiú go leanann an sreabhadh faisnéise idir an EEA agus Eionet na hIorua ar aghaidh."



# Struchtúr Eionet




## Ionad Tagartha Náisiúnta (NRC)

Duine aonair nó grúpa le saineolas ábhartha in eagraíocht náisiúnta chomhshaoil atá ainmnithe agus maoinithe ag an tír le bheith ag obair leis an EEA agus le ETCanna ábhartha i sainréimsí comhshaoil a bhaineann le clár oibre an EEA.

Is iad ballstáit agus tíortha comhoibríocha a ainmníonn NRCanna. Bunaítear NRCanna i sainréimsí comhshaoil, mar shampla caighdeán an aeir, an tsláinte agus an comhshaol, athrú aeráide, dramhaíl, an nádúr agus an bhithéagsúlacht, fuinneamh agus go leor eile. Tá ról lárnach acu maidir leis na hábhair seo a chomhordú agus sonraí agus saineolas ábhartha a sholáthar. Bíonn éagsúlacht i gceist le struchtúr an NRC i gcomhréir le riachtanais agus tosaíochtaí straitéis ilbhliantúil an EEA. Braitheann fócas oibre na NRCanna ar an ábhar ar leith a bhfuiltear ag déileáil leis, ach tacaíonn siad uile leis an EEA i ndáil lena chlár oibre a thabhairt chun críche.

Tá NRCanna lonnaithe in eagraíochtaí ar bailitheoirí nó soláthraithe rialta sonraí comhshaoil ar an leibhéal náisiúnta iad agus/nó a bhfuil eolas ábhartha acu maidir le saincheisteanna éagsúla comhshaoil, monatóireacht nó samhaltú.




### Ag obair le NRCanna — cás-staidéar

### Forbairt na mbileog eolais faoi bheartas um éifeachtúlacht acmhainne

In earrach na bliana 2010, ghlac an AE le straitéis fáis dar teideal *"Eoraip 2020"*, agus ainmníodh éifeachtúlacht acmhainne mar cheann dá tionscnaimh suaitheanta.

Ag féachaint don ghá do thíortha freagra a thabhairt air sin, chuir an EEA tús le suirbhé ar bheartais agus ionstraimí um éifeachtúlacht acmhainne i dtíortha Eionet, le dhá phríomhchuspóir:

- Tacú le ceapadh beartais tríd an mbonn eolais i ndáil le héifeachtúlacht acmhainne a fhorbairt trí fhaisnéis a bhailiú, a anailísiú agus a scaipeadh faoi eispéiris náisiúnta maidir le beartais um éifeachtúlacht acmhainne
- Éascú a dhéanamh ar chomhroinnt faisnéise agus dea-chleachtas ar fud Eionet.


I Samhain 2010, tugadh cuireadh do NRCanna le haghaidh Táirgeadh agus Tomhaltas Inbhuanaithe agus Úsáid Acmhainní i dtíortha Eionet sonraí a sholáthar ag baint úsáide as sraith chaighdeánach ceisteanna.

In ainneoin spriocdhátaí dochta, chuir formhór na dtíortha eolas ar fáil agus foilsíodh an tuarascáil i nDeireadh Fómhair 2011. Tá sí in úsáid ó shin ag lucht déanta beartas ar leibhéal náisiúnta agus leibhéal Eorpach.

Níl san iarracht chomhpháirteach seo idir an EEA/Eionet ach sampla amháin den tslí inar féidir ionchur tráthúil, ar leibhéal náisiúnta, a sholáthar do phríomhphróiseas beartais Eorpach, ag cur le láidreacht agus le saineolas comhcheangailte an líonra.

Tá tuilleadh faisnéise faoi bheartais um éifeachtúlacht acmhainne, lena n-áirítear próifílí mionsonraithe 31 tír, le fáil ar láithreán Gréasáin an EEA: http://www.eea.europa.eu/resource-efficiency

# Eionet — scéal ratha






## Eionet — líonra aibí, solúbtha

Ó cuireadh i bhfeidhm é i 1994, tá Eionet tar éis forbairt mar sholáthraí aitheanta agus iontaofa d'ardchaighdeán sonraí, faisnéise agus measúnuithe don Eoraip.

Cumhdaíonn coincheap Eionet na gnéithe sonracha seo a leanas:

- Comhar institiúide láidir thar roinnt leibhéal (náisiúnta, réigiúnach, Eorpach, idirnáisiúnta) mar aon le comhpháirtíochtaí leis an tsochaí shibhialta, éascaithe ag aonán comhordaithe
- Ábhar coiteann comhaontaithe (sonraí, faisnéis, táscairí, anailísí)
- Caighdeáin, uirlisí agus infreastruchtúir chomhroinnte



# Eionet — comhar institiúide




## Eionet — ina líonra daoine

Tá comhar institiúide agus tiomantas na ndaoine aonair ó na hinstitiúidí náisiúnta i gcroílár na hoibre a dhéanann Eionet, atá go príomha ina líonra daoine.

Tagann grúpa NFP/Eionet — ina chuimsítear NFPanna, bainisteoirí ETC, ionadaithe an Choimisiúin Eorpaigh agus foireann ábhartha an EEA — le chéile trí huaire sa bhliain. Cuirtear torthaí na ndíospóireachtaí seo faoi bhráid chruinnithe Bhord Bainistíochta an EEA agus sa chaoi seo soláthraítear tacaíocht dhíreach d'fhorbairt straitéiseach an EEA.

Tacaítear le cumarsáid agus comhar fairsing ar líne idir an EEA, ETCanna agus NRCanna trí cheardlanna rialta NRC ina gcuirtear torthaí de chuid gníomhaíochtaí an EEA/ETC i láthair, mar aon le heispéiris naisiúnta a chomhroinnt agus bealaí chun cinn a phlé. Cabhraíonn na ceardlanna seo le teagmhálacha maithe a chothú agus a neartú idir an EEA/ETCanna agus NRCanna agus idir na tíortha féin.

Bhain tíortha tairbhe as comhairle, saineolas agus eispéireas a chomhroinnt i ndáil le cumais náisiúnta a fhorbairt, go háirithe sna réimsí a bhaineann le bailiú agus bainistiú sonraí agus i gcás táirgeadh agus scaipeadh faisnéise agus measúnuithe ábhartha ó thaobh beartais de.

Tá an chumarsáid fhairsing idir NRCanna agus ETCanna tar éis feabhas a chur ar chaighdeán na sonraí agus na faisnéise ar leibhéal náisiúnta agus leibhéal Eorpach agus, i gcás go leor tíortha, tá sé tar éis cabhrú le hacmhainn na gcóras monatóireachta agus tuairiscithe reatha a neartú. Do Bhallstáit nua an AE, tá ballraíocht luath de chuid an EEA agus Eionet tar éis próifíl na saincheisteanna comhshaoil a ardú, mar aon le tionchar a bheith aici ar nádúr agus ar fhairsinge na gcóras monatóireachta agus faisnéise náisiúnta.

**Sruthlíniú an tuairiscithe ar fud na hEorpa**

Déanann an EEA agus ETCanna sonraí a bhfuil dualgas ar thíortha a thuairisciú ar leibhéal Eorpach a bhailiú agus a anailísiú ar bhealach trédhearcach ar mhaithe le léargas a thabhairt ar chomhshaol na hEorpa. Sa chaoi seo, is féidir tagarmharcáil a dhéanamh ar fheidhmíocht chomhshaoil na dtíortha. Lena chois sin, spreagtar tíortha Eionet a líonraí náisiúnta a fhorbairt ar bhealaí a chinntíonn comhoiriúnacht le riachtanais tuairiscithe an AE agus riachtanais tuairiscithe idirnáisiúnta.

# Roinnt glórtha de chuid Eionet





*"Cabhraíonn comhar na hIorua leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil léargas níos fearr a thabhairt ar staid an chomhshaoil san Iorua agus ar an gcaoi ina fhorbraíonn sé, ar bhonn níos éifeachtaí ná mar a d'éireodh linn féin."*

Johnny Auestad/Gníomhaireacht Aeráide agus Truaillithe na hIorua

*"An rud is tábhachtaí faoin eolas seo ná go n-aistrítear é go teanga an bheartais chomhshaoil agus nach ar leibhéal Eorpach amháin a bhaintear úsáid as, ach go mbaintear úsáid as ar an leibhéal náisiúnta freisin."*

Liutauras Stoskus/Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil na Liotuáine

*"Inár gcás féin, is den tábhacht é gur féidir linn rochtain ar Eionet a chinntiú. Pointe ríthábhachtach é seo inár gcás féin mar Bhallstát neamh-AE. Cén fáth? De bhrí go bhfuil d'acmhainn anois againn sonraí inchomparáide a chomhroinnt."*

Nicolas Perritaz/Oifig Chónaidhme Comhshaoil na hEilvéise

*"…an phríomhaidhm a bhí againn ná rud éigin a fhoghlaim ó eispéireas Eorpach … agus an rud sin a chur chun feidhme ar leibhéal náisiúnta…"*

Dejan Lekic/Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil na Seirbia

*"Ní féidir linn a shamhlú a bheith ag obair ar scála náisiúnta amháin feasta. Ní mór déileáil le fadhbanna comhshaoil ar leibhéal Eorpach, nó ar leibhéal níos doimhne fiú. An rud is mó spéise dúinn faoin EEA ná gur lárionad malartaithe, eolais agus faisnéise é"*

Jacques Thorette /Institut Français de l'Environnement

*"…cruthaíonn sé seo ar fad go leor deiseanna dúinn dul i ngleic le beartas Eorpach, muid féin a fheabhsú, léargas a fháil ar an méid a dhéanann daoine eile agus comparáid a dhéanamh, agus a bheith i bhfad níos gníomhaí."*

Mata Aravantinou/Iar-Aireacht na Gréige don Chomhshaol, Pleanáil Fhisiciúil agus Oibreacha Poiblí

# Eionet — ábhar coiteann





Teastaíonn cur chuige comhaontaithe Eorpach chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna comhshaoil. Bhí ról lárnach ag Eionet maidir le leibhéal comhair a bhaint amach atá ríthábhachtach san iarracht seo bunaithe ar chomhroinnt sonraí agus faisnéise comhshaoil ar fud na hEorpa.

Go han-luath sa phróiseas, d'fhorbair comhpháirtithe an EEA agus Eionet sraith de shreabhadh tosaíochta sonraí. Chomh fada agus is féidir, tá sonraí agus faisnéis atá á dtuairisciú cheana féin ag na tíortha i gcreat oibleagáidí tuairiscithe an AE nó oibleagáidí tuairiscithe idirnáisiúnta á n-úsáid laistigh de Eionet. Fágann sé seo gur féidir sonraí a bailíodh tráth ar leibhéal náisiúnta a chur ar fáil anois do go leor faighteoirí agus iad a úsáid chun críocha fairsinge ar leibhéal náisiúnta, leibhéal réigiúnach agus leibhéal idirnáisiúnta. Chomh maith leis sin, cuireann sé ar chumas tíortha acmhainní a dhíriú ar oibleagáidí tuairiscithe dlíthiúla agus morálta a chomhlíonadh.

Úsáidtear na sonraí agus an fhaisnéis a chomhroinntear laistigh de Eionet in anailísí agus measúnuithe na hEorpa de chuid an EEA. Chomh maith leis sin, tacaíonn siad le 'sraith lárnach táscairí' an EEA. Cuireann an EEA tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn ([1]) i dtoll ar fheidhmíocht na dtíortha (tráthúlacht, iomláine, cáilíocht) i ndáil leis na sonraí seo a sholáthar. Is uirlis úsáideach é seo freisin chun feidhmíocht na dtíortha a thagarmharcáil agus chun tíortha a spreagadh lena gcuid freagraí a fheabhsú.

**Comhshaol na hEorpa: staid agus forléargas — measúnuithe tíortha**

Le blianta beaga anuas, tá próiseas measúnaithe tíre bunaithe ag Eionet atá bunaithe ar chur chuige coiteann, ach lena gcumhdaítear éagsúlachtaí náisiúnta chomh maith céanna. Chuige seo, tá deis ann freisin an léitheoir a chur ar an eolas faoi na cúinsí difriúla a bhfuil tionchar suntasach acu ar chur chun feidhme beartais agus na bearta difriúla, bearta breise go minic, a mbíonn tíortha freagrach astu sa bhreis ar na bearta a bhfuil siad tiomanta dóibh faoi reachtaíocht Eorpach agus faoi chomhaontuithe iltaobhacha comhshaoil. Tá na rannpháirtíochtaí measúnaithe tíre Gréasán-bhunaithe go hiomlán. Cumhdaíonn siad éagsúlacht réimsí téamacha agus tá siad struchtúrtha i gcomhréir le ceisteanna treoracha dea-shainithe.

Measúnaithe tíortha SOER 2010: http://www.eea.europa.eu/soer/countries

SOER 2010

([1]) http://www.eea.europa.eu/publications/eionet-priority-data-flows-may-2


# Eionet — infreastruchtúr comhroinnte




Ón tús, tá lántairbhe bainte ag an EEA agus Eionet as na forbairtí teicneolaíocha is déanaí, trí úsáid a bhaint as infreastruchtúir agus uirlisí oscailte, trédhearcacha agus trí chaighdeáin choiteanna a bhunú agus a úsáid.

Le breis is 10 mbliana anuas, tá tíortha Eionet ag baint úsáide as an infreastruchtúr tuairiscithe Reportnet (2) chun sonraí agus faisnéis a sholáthar ar leibhéal Eorpach agus ar leibhéal idirnáisiúnta. Is tacar uirlisí agus feidhmchlár atá bunaithe ar an nGréasán é Reportnet trína gcuirtear ar chumas tíortha sonraí agus faisnéis a sheachadadh. Comhtháthaíonn an córas seirbhísí éagsúla Gréasáin mar aon le freagrachtaí dáilte a cheadú. Úsáideadh Reportnet ar dtús chun sruthlíniú a dhéanamh ar thuairisciú sonraí agus faisnéis comhshaoil chuig an EEA agus chuig an gCoimisiún Eorpach dá réir sin. Tá seachadtaí chuig eagraíochtaí náisiúnta, réigiúnacha agus idirnáisiúnta uile níos trédhearcaí anois. Baineann roinnt tíortha úsáid as Reportnet anois chun formhór a n-oibleagáidí tuairiscithe réigiúnacha agus idirnáisiúnta a chomhlíonadh, lena n-áirítear iad siúd de chuid chomhlachtaí na Náisiún Aontaithe freisin.

**Reportnet**




(2) http://www.eionet.europa.eu/reportnet

# Comhchórais um Fhaisnéis Chomhshaoil — SEIS





Trí Eionet, tá ballstáit agus tíortha comhoibríocha an EEA ag obair i dtreo cur chuige níos sruthlínithe agus níos comhtháite maidir le faisnéis chomhshaoil san Eoraip.

Bunaithe ar eispéiris Eionet, táthar tar éis coincheap SEIS (Comhchóras um Fhaisnéis Chomhshaoil) a bhunú. Is tionscnamh comhoibríoch é SEIS de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, an EEA agus comhpháirtithe Eionet. Tá sé mar aidhm leis bailiú, malartú agus úsáid sonraí agus faisnéis chomhshaoil ar fud na hEorpa a fheabhsú agus córas faisnéise comhshaoil díláraithe, comhtháite, le hinrochtaineacht Gréasáin, a fhorbairt ar fud na hEorpa trí chórais agus próisis reatha a shimpliú agus a nuachóiriú. Tá SEIS bunaithe ar shraith prionsabal trína gcuirtear bonn taca le formhór de phróisis an EEA/Eionet.

**SEIS i gcleachtas — sampla Súil ar Domhan ([3])**

Sampla amháin atá ag tacú le cur chun feidhme phrionsabail SEIS é forbairt Súil ar Domhan *[Eye on Earth]*, 'seirbhís dhomhanda na faisnéise poiblí' chun faisnéis a chruthú agus a chomhroinnt. Sna blianta amach romhainn, bainfidh Eionet úsáid as Súil ar Domhan *[Eye on Earth]* d'fhonn tacú lena ról forbartha mar ghníomhaire athraithe a éascaíonn comhroinnt faisnéise, agus d'fhonn a chuid éifeachtachta agus éifeachtúlachta a neartú i ndáil le faisnéis chomhshaoil a bhailiú agus a sholáthar.

**Prionsabail SEIS i gcleachtas**

1. Faisnéis a bhainistiú chomh cóngarach dá foinse agus is féidir
2. Faisnéis a bhailiú uair amháin agus í a chomhroinnt agus a úsáid go minic
3. Cabhrú le húdaráis phoiblí lena n-oibleagáidí tuairiscithe dlíthiúla
4. Cabhrú le húdaráis phoiblí staid an chomhshaoil agus éifeachtúlacht an bheartais comhshaoil a mheas, agus cabhrú le beartas nua comhshaoil a dhearadh más gá
5. Cabhrú le comparáidí geografacha an chomhshaoil
6. Cabhrú le saoránaigh páirt a ghlacadh i bhforbairt agus i gcur chun feidhme beartais chomhshaoil, fad atá faisnéis á cur ar fáil go hiomlán dóibh
7. Úsáid a bhaint as caighdeáin oscailte.

([3]) http://eyeonearth.org

# Nascann Eionet



Is múnla rathúil ar féidir a easpórtáil agus a úsáid chun cuidiú le codanna eile den domhan a nascadh é tacú le measúnú agus forbairt beartais chomhshaoil trí chomhpháirtíochtaí agus faisnéis chomhroinnte, mar atá léirithe ag Eionet.

Baineann fíorthábhacht le rialachas éifeachtach comhshaoil ar gach leibhéal d'fhonn réitigh a fháil do bhagairtí comhshaoil i ndomhan domhandaithe ina bhfuil náisiúin, geilleagair agus daoine idirnasctha.

Cuid ríthábhachtach de rialachas feabhsaithe é bonn fianaise inchreidte, dlisteanach, ábhartha agus inrochtana a chruthú chun a chinntiú go bhfuil cinntí lucht déanta beartas á mbunú ar fhaisnéis fhónta. Baineann fíorthábhacht le comhroinnt sonraí agus faisnéise comhshaoil ar leibhéal náisiúnta, leibhéal réigiúnach agus leibhéal domhanda — á dtacú ag struchtúir líonraithe dála Eionet — chun an comhéadan beartais-eolaíochta a neartú.

**Eionet — múnla do réigiúin eile**

Faoin Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht agus um Chomhpháirtíocht (ENPI), soláthraítear maoiniú chun comhar idir an AE agus a comharsana san oirthear agus sa deisceart a neartú. Is ionann ENPI agus an creat chun sraith gníomhaíochtaí a chur chun feidhme a bhfuil sé mar aidhm leo monatóireacht chomhshaoil, sonraí agus bainistíocht faisnéise reatha a neartú ar aon dul le prionsabail SEIS. Tá Eionet mar bhonn ríluachmhar i ndáil leis an obair seo a chur i gcrích.

Sainaithníodh Eionet freisin mar bhloc tógála i mbunú SAON (Líonraí um Chothú Faireachán Artach). Tá sé mar aidhm le SAON gníomhaíochtaí faireacháin ar fud an Artaigh a fheabhsú trí chomhpháirtíochtaí agus sineirgí i measc líonraí faireacháin agus sonraí reatha a éascú agus comhroinnt sonraí agus faisnéise a chur chun cinn.

I gcomhthéacs domhanda, glacadh le Eionet, lena struchtúr uathúil de chomhar institiúide, ábhar coiteann agus infreastruchtúir agus uirlisí TF comhroinnte, mar choincheap chun tacú le hiarrachtaí de chuid UNEP maidir le struchtúr líonraithe agus ardán Gréasán-bhunaithe a chur ar bun chun comhroinnt sonraí, faisnéise agus measúnaithe a éascú.

# Institiúidí na NFPanna

| | |
|---|---|
| An Albáin | Gníomhaireacht Comhshaoil agus Foraoiseachta (AEF) |
| An Ostair | Umweltbundesamt — *Gníomhaireacht Comhshaoil na hOstaire* |
| An Bheilg | Cill Idir-réigiúnach don Chomhshaol (IRCEL-CELINE) |
| An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin | An Aireacht Chónaidhme Comhshaoil agus Turasóireachta do Chónaidhm na Boisnia agus na Heirseagaivéine |
| An Bhulgáir | An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Chomhshaoil (BEEA) |
| An Chróit | Agencija za zaštitu okoliša — *Gníomhaireacht Comhshaoil na Cróite (CEA)* |
| An Chipir | An Aireacht Talmhaíochta, Acmhainní Nádúrtha agus Comhshaoil |
| Poblacht na Seice | CENIA, česká informační agentura životního prostředí<br>*CENIA, Gníomhaireacht Faisnéise Comhshaoil na Seice* |
| An Danmhairg | Gníomhaireacht Nádúir na Danmhairge |
| An Eastóin | Keskkonnateabe Keskus (KTK) — *Ionad Faisnéise Comhshaoil na hEastóine (EEIC)* |
| An Fhionlainn | Suomen ympäristökeskus (SYKE) — *Institiúid Chomhshaoil na Fionlainne (SYKE)* |
| An Fhrainc | Ministère de l'Ecologie, du Développement durable, des Transports et du Logement (MEDDTL) — *An Aireacht Éiceolaíochta, Forbartha Inbhuanaithe, Iompair agus Tithíochta* |
| An Ghearmáin | Umweltbundesamt (UBA) — *An Ghníomhaireacht Chónaidhme Comhshaoil* |
| An Ghréig | Υπουργείο Περιβάλλοντος, Ενέργειας και Κλιματικής Αλλαγής<br>— *An Aireacht Comhshaoil, Fuinnimh agus Athrú Aeráide* |
| An Ungáir | Aireacht na Forbartha Tuaithe |
| An Íoslainn | Gníomhaireacht Comhshaoil na hÍoslainne |
| Éire | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |
| An Iodáil | Istituto Superiore per lá Protezione e Ricerca Ambientale (ISPRA) — *An Institiúid Cosanta Comhshaoil agus Taighde.* |
| An Chosaiv faoi UN SCR 1244/99 | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |
| An Laitvia | Latvijas Vides, ģeoloģijas un meteoroloģijas centrs (LVĢMC)<br>— *Ionad Comhshaoil, Geolaíochta agus Meitéareolaíochta na Laitvia (LEGMC)* |
| Lichtinstéin | An Oifig Náisiúnta um Fhoraoisí, Nádúr agus Bainistíocht Talún |
| An Liotuáin | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) |
| Lucsamburg | Ministère du Développement durable et des Infrastructures — *Ministerium für nachhaltige Entwicklung und Infrastruktur — Aireacht na Forbartha Inbhuanaithe agus an Infreastruchtúir* |
| Poblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine | Министерство за животна средина и просторно планирање, Македонски информативен центар за животна средина<br>— *An Aireacht Comhshaoil agus Pleanáil Fhisiciúil, Ionad Faisnéise Comhshaoil na Macadóine* |
| Málta | Údarás Comhshaoil agus Pleanála Mhálta |
| Montainéagró | Aireacht na Forbartha Inbhuanaithe agus na Turasóireachta |
| An Ísiltír | Planbureau voor de Leefomgeving (PBL) — *Gníomhaireacht Measúnaithe Comhshaoil PBL na hÍsiltíre* |
| An Iorua | Klima- og forureiningsdirektoratet (Klif) — *An Ghníomhaireacht Aeráide agus Truaillithe (Klif)* |
| An Pholainn | Główny Inspektorat Ochrony Środowiska — *An Phríomh-Chigireacht do Chosaint Comhshaoil* |
| An Phortaingéil | Agência Portuguesa do Ambiente, I.P. (APA, I.P.) — *Gníomhaireacht Comhshaoil na Portaingéile* |
| An Rómáin | An Aireacht Comhshaoil agus Foraoiseachta |
| An tSeirbia | Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil na Seirbia (SEPA) |
| Poblacht na Slóvaice | Slovenská agentúra životného prostredia (SAŽP) — *Gníomhaireacht Comhshaoil na Slóvaice (SEA)* |
| An tSlóivéin | Agencija Republike Slovenije za okolje — *Gníomhaireacht Comhshaoil na Slóivéine* |
| An Spáinn | Ministerio de Agricultura, Alimentación y Medio Ambiente — *An Aireacht Talmhaíochta, Bia agus Comhshaoil* |
| An tSualainn | Naturvårdsverket — *Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil na Sualainne* |
| An Eilvéis | Bundesamt für Umwelt (BAFU) — Office fédéral de l'environnement (OFEV)<br>— Ufficio federale dell'ambiente (UFAM) — An Oifig Cónaidhme Comhshaoil (FOEN) |
| An Tuirc | Çevre ve Şehircilik Bakanlığı — *An Aireacht Comhshaoil agus Uirbithe* |
| An Ríocht Aontaithe | An Roinn Comhshaoil, Bia agus Gnóthaí Tuaithe (Defra) |

TH-32-12-063-GA-C
doi:10.2800/23391
© EEA, 2012

ългария Belgique/België Bosna i Hercegovina Ceská republika Crna Gora/Црна Гора Danmark
eutschland Eesti Ελλάδα España France Hrvatska Ireland Ísland Italia Kosovo under UNSCR
244/99 Κύπρος Latvija Liechtenstein Lietuva Luxembourg Magyarország Malta Nederland Norg
sterreich Polska поранешна југословенска Република Македонија Portugal Romania Shqipe
ovenija Slovenská republika Србија Schweizerische Eidgenossenschaft/Confédération suisse/
onfederazione Svizzera/Confederaziun svizra Suomi/Finland Sverige Türkiye United Kingdom
ългария Belgique/België Bosna i Hercegovina Česká republika Crna Gora/Црна Гора Danmark
eutschland Eesti Ελλάδα España France Hrvatska Ireland Ísland Italia Kosovo under UNSCR
244/99 Κύπρος Latvija Liechtenstein Lietuva Luxembourg Magyarország Malta Nederland Norg
sterreich Polska поранешна југословенска Република Македонија Portugal Romania Shqipe
ovenija Slovenská republika Србија Schweizerische Eidgenossenschaft/Confédération suisse/

**An áit is féidir tuilleadh faisnéise a fháil**

**EEA:**
www.eea.europa.eu

**Liosta na NFPanna agus na ETCanna:**
www.eea.europa.eu/about-us/countries-and-eionet/list-of-members-of-the-nfp-eionet-group

**Bonneagar agus uirlisí Eionet:**
www.eionet.europa.eu

**Grianghraif:** © Pawel Kazmierczyk;
p. 4, ar dheis: © Pavel Ehrlich, CENIA

An Ghníomhaireacht Chomhshaoil Eorpach
Kongens Nytorv 6
1050 Cóbanhávan K
An Danmhairg

Teil.: +45 33 36 71 00
Facs: +45 33 36 71 99

Gréasán: eea.europa.eu
Fiosrúcháin: eea.europa.eu/enquiries

ISBN 978-92-9213-304-7

Publications Office

An Ghníomhaireacht Chomhshaoil Eorpach